Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2022/2188(INI)

19.7.2023

TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus an Coiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

maidir le Tuarascáil cur chun feidhme maidir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir AE agus an Ríocht Aontaithe
(2022/2188(INI))

Rapóirtéir don tuairim (*): Dragoş Pîslaru

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus ar an gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta, mar na coistí atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina dtairiscint i gcomhair rúin:

– ag féachaint don Comhaontú Trádála agus Comhair idir an Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[1],

– ag féachaint don Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[2],

– ag féachaint do Thuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh an 24 Márta 2022 maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann an 1 Eanáir – an 31 Nollaig 2021 (COM(2022)0126),

– ag féachaint do Thuarascáil an Choimisiúin Eorpaigh an 15 Márta 2023 maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann an 1 Eanáir – an 31 Nollaig 2022(COM(2023)0118),

– ag féachaint don Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine,

– ag féachaint do ChairtShóisialta na hEorpa,

– ag féachaint do Choinbhinsiúin agus Prótacail na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS), go háirithe ionstraimí bunúsacha EIS,

– ag féachaint do ráiteas comhpháirteach an 24 Márta 2023 ó Rúnaí Gnóthaí Eachtracha na Ríochta Aontaithe agus Leas-Uachtarán de chuid an Choimisiúin Eorpaigh Šefčovič maidir le toradh dheichiú cruinniú an Chomhchoiste um an gComhaontú um Tharraingt Siar agus dhara cruinniú na Comhairle Comhpháirtíochta maidir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair,

A. de bhrí go bhfuil trádáil agus comhar idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe á rialú ag an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe (TCA) ó 1 Eanáir 2021; de bhrí gur críochnaíodh creat institiúideach TCA agus gur cuireadh i bhfeidhm go hiomlán é in 2022;

B. de bhrí go bhforáiltear le TCA do chomhordú na slándála sóisialta chun cearta slándála sóisialta na ndaoine a bhogann idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tar éis 1 Eanáir 2021 a chosaint; de bhrí go bhforáiltear leis chomh maith do mhachaire comhréidh chun iomaíocht chóir a áirithiú trí ardleibhéil chosanta a chaomhnú i roinnt

[1] IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.
[2] IO C 384I, 12.11.2019, lch. 1.

réimsí, lena n-áirítear cearta sóisialta agus saothair, le forfheidhmiú ceangailteach agus sásraí um réiteach díospóidí chun comhlíonadh a áirithiú;

C. de bhrí go bhfuil na cearta bunúsacha chun an eagraithe, chun cómhargáil a dhéanamh agus chun gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh cumhdaithe sa dlí idirnáisiúnta agus bunúsach chun forbairt inbhuanaithe agus cothrom iomaíochta a áirithiú mar a leagtar amach sa TCA;

D. de bhrí go bhfuil caibidil sa Chomhaontú Trádála agus Comhair maidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), ina n-aithnítear an gá margadh oscailte agus slán a áirithiú do ghnólachtaí, lena n-áirítear FBManna agus féachann sé freisin lena áirithiú go gcuirtear a riachtanais san áireamh sa phróiseas cur chun feidhme ionas go bhféadfaidís leas a bhaint as;

1. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá rannpháirtíocht láidir shochaí shibhialta an Aontais agus na Ríochta Aontaithe, lena n-áirítear eagraíochtaí fostóirí agus ceardchumainn chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha, maidir le cur chun feidhme TCA i gcomhréir le hAirteagail 13 agus 14 de; ag tabhairt dá haire go raibh cruinnithe ag Grúpa Comhairleach Baile AE ina leith sin agus á chur in iúl gur geal léi an chéad chruinniú d'Fhóram na Sochaí Sibhialta i mí Dheireadh Fómhair 2022; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé leanúint ar aghaidh leis an idirphlé agus comhar sin;

2. á thabhairt dá haire agus é ina dhíol sásaimh di nach raibh aon fhadhb le cur i bhfeidhm an Phrótacail maidir le Comhordú na Slándála Sóisialta faoi TCA go dtí seo agus nár aithníodh aon fhadhbanna struchtúracha in 2021 ná 2022; á chur i bhfáth, áfach, a thábhachtaí atá Prótacal dinimiciúil atá ailínithe leis na leasuithe ó na Rialacháin maidir le Comhordú na Slándála Sóisialta;

3. á thabhairt dá haire in 2021 gur ghlac an Coiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta leasuithe ar iarscríbhinní an Phrótacail chun a dheimhniú go leanann na Ballstáit de cheadú d'oibrithe a phostaítear chuig an Ríocht Aontaithe nó uaithi, iad a bheith cumhdaithe ag reachtaíocht slándála sóisialta an stáit faoi choinníollacha sonracha; á thabhairt dá haire freisin in 2022, go ndearnadh bearta ullmhúcháin chun na forálacha airgeadais a bhaineann le haisíoc costais sochar breoiteachta comhchineáil arna soláthar ag stát nach é an ceann inniúil é a chur chun feidhme;

4. á chur in iúl gur geal léi gealltanas an Choiste Speisialaithe um Chomhordú Slándála Sóisialta chun Cinneadh 1/2023 a ghlacadh maidir le húsáid an Mhalartaithe Leictreonaigh Faisnéise Slándála Sóisialta (EESSI) faoin gComhaontú Trádála agus Comhair[3] i gcomhthéacs an Phrótacail, chomh maith lena mheas gur cheart go mbeadh codanna ábhartha de Chinntí agus de Mholtaí an Choimisiúin Riaracháin maidir le Comhordú na gCóras Slándála Sóisialta infheidhme i gcomhthéacs an Phrótacail trí Mholadh ón gCoiste Speisialaithe[3]; á iarraidh an athuair ar Bhallstáit a áirithiú go mbeidh EESSI ag feidhmiú go hiomlán a luaithe is féidir agus go mbaintear leas as na deiseanna a chuirtear ar fáil le cistí AE atá ann cheana chun EESSI a chur chun feidhme go hiomlán agus riarachán poiblí a dhigiteáil tuilleadh;

[3] Clár Oibre Sealadach an Tríú Coiste Speisialaithe maidir le Chomhordú Slándála Sóisialta, Londain, Meitheamh 2023;

5. á mheabhrú go gceanglaítear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair an comhpháirtíocht eacnamaíoch idir an dá pháirtí a bheith mar bhonn taca ag machaire comhréidh le haghaidh iomaíocht oscailte agus chóir agus gur cheart trádáil agus infheistíocht a dhéanamh ar bhealach a chuidíonn le forbairt inbhuanaithe lena n-áirítear forbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus cosaint an chomhshaoil; á thabhairt dá haire gur ghabh an dá pháirtí de láimh i gcomhréir le hAirteagal 355 a gcaighdeán faoi seach a chothabháil agus a fheabhsú sna réimsí atá cumhdaithe ag an Teideal XI;

6. á chur in iúl gur cúis bhuartha di na forbairtí le déanaí a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ó fhorálacha mhachaire comhréidh an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair sa réimse saothair agus sóisialta sa Ríocht Aontaithe; á chur in iúl gur oth léi go mór, ina leith sin, aisghairm Iúil 2022 ar an toirmeasc ar ghníomhaireachtaí fostaíochta foireann shealadach a sholáthar chun teacht in ionad oibrithe a ghlacann páirt i ngníomhaíocht thionsclaíoch, rud a bhaineann an bonn ó cheart na n-oibrithe gníomhaíocht chomhchoiteann a dhéanamh, lena n-áirítear an ceart dul ar stailc; á iarraidh ar Rialtas na Ríochta Aontaithe na bearta is gá a dhéanamh chun prionsabail an mhachaire chomhréidh a leagtar amach in Airteagail TCA;

7. á thabhairt chun suntais gurb ann do roinnt forbairtí reachtacha sa Ríocht Aontaithe ar ábhair imní iad atá molta ach nach bhfuil glactha go fóill, amhail an Bille um Dhlí AE atá Coinnithe (Cúlghairm agus Athchóiriú), an Bille Stailceanna (Íosleibhéal Seirbhísí) agus an Bille um Chosaint Sonraí agus um Fhaisnéis Dhigiteach (Uimh. 2); á chur i bhfáth go bhféadfadh impleachtaí tromchúiseacha a bheith ag na tograí sin do chearta oibrithe dá nglacfaí é, go háirithe cearta bunúsacha chun saoirse comhlachais agus chun an eagraithe, agus an ceart chun cómhargála agus gníomhaíochta chomhchoitinn, lena n-áirítear an ceart dul ar stailc, agus d'fhéadfaidís an bonn a bhaint ó ghealltanais na Ríochta Aontaithe faoin gComhaontú Trádála agus Comhair; ina leith sin, á chur in iúl gur geal léi cinneadh Rialtas na Ríochta Aontaithe gan dul ar aghaidh leis an mBille um Chearta an Duine;

8. á mheabhrú go bhfuil cosaint na gceart sin ríthábhachtach chun machaire comhréidh agus forbairt inbhuanaithe a choinneáil mar a leagtar amach in, *inter alia*, Airteagail 355, 386, 387, 399 agus 524 den Chomhaontú Trádála agus Comhair; á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí ina leith sin agus úsáid a bhaint as na modhanna uile atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar aon ábhar imní a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr na dtograí seo a ghlacadh maidir le cur chun feidhme Chaibidil 6 de Theideal XI, lena n-áirítear trí idirphlé sa Chomhairle Comhpháirtíochta agus sna Coistí Speisialaithe, trí chomhairliúchán le Grúpa Comhairleach Baile AE agus i gcás inar gá trí na sásraí um réiteach díospóidí dá bhforáiltear faoi Airteagal 389;

9. á thabhairt dá haire, i mí an Mheithimh 2021, gur fhógair Rialtas na Ríochta Aontaithe go bhfuil sé ar intinn aige comhlacht aonair forfheidhmithe a bhunú do chearta fostaíochta, comhlacht a mbeidh sé de chúram air maoirseacht láraithe ar a dhlíthe saothair[4] a áirithiú chun feabhas a chur ar chomhordú agus éifeachtacht na gcomhlachtaí atá ann cheana agus forfheidhmiú a leathnú go réimsí nua; ag tabhairt dá haire, áfach, nach bhfuil aon dul chun cinn breise déanta go dtí seo ar an moladh; á

[4] Roinn Gnó, Fuinnimh agus Straitéise Tionsclaíche, an Ríocht Aontaithe. Comhlacht forfheidhmithe aonair nua a bhunú do chearta fostaíochta, 2021.

iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de dhlúthfaireachán a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na caighdeáin saothair agus shóisialta ábhartha, mar a cheanglaítear orthu faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, agus ar fhorbairtí ina leith sin, agus leanúint lena iarrachtaí le Rialtas na Ríochta Aontaithe agus comhlíonadh iomlán leis an gComhaontú Trádála agus Comhair a áirithiú;

10. á chur in iúl gur oth léi go mór láimhseáil idirdhealaitheach na Ríochta Aontaithe le hoibrithe ó chúig Bhallstát AE in 2021 maidir le táillí laghdaithe ar víosaí oibre fadtéarmacha; á chur in iúl gur oth léi, thairis sin, gur thréig an an Ríocht Aontaithe Airteagal 18(2) de Chairt Shóisialta na hEorpa ina dhiaidh sin agus, dá bharr sin, gur cuireadh deireadh le laghduithe ar tháillí víosaí oibre do shaoránaigh uilig AE amhail ó mhí Feabhra 2022; á iarraidh ar an gCoimisiún gach beart is gá a dhéanamh ina leith sin agus leanúint leis an tsaincheist seo a ardú tríd an gComhairle Comhpháirtíochta agus tríd an gCoiste Speisialaithe um Chothrom Iomaíochta um an Iomaíocht Chóir agus Oscailte agus um Fhorbairt Inbhuanaithe;

11. á iarraidh ar AE agus ar an Ríocht Aontaithe féachaint ar bhealaí do thuilleadh comhair agus malartú dea-chleachtas i réimsí an oideachais agus cosaint shóisialta; á aithint an acmhainneacht a bhaineann le dlúthchomhar chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú beartais fostaíochta a fheabhsú, lena n-áirithítear iomaíocht chóir agus fás do ghnólachtaí agus oibrithe in AE agus sa Ríocht Aontaithe araon.

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Riail 58 – An nós imeachta comhchoiste Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	15.12.2022
Dáta an ghlactha	18.7.2023
Toradh na vótála críochnaithí	+: 34 –: 1 0: 5
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Atidzhe Alieva-Veli, Marc Angel, Dominique Bilde, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, David Casa, Ilan De Basso, Jarosław Duda, Cindy Franssen, Chiara Gemma, Elisabetta Gualmini, Agnes Jongerius, Irena Joveva, Katrin Langensiepen, Elena Lizzi, Sara Matthieu, Max Orville, Kira Marie Peter-Hansen, Dragoş Pîslaru, Elżbieta Rafalska, Daniela Rondinelli, Pirkko Ruohonen-Lerner, Mounir Satouri, Romana Tomc, Nikolaj Villumsen, Maria Walsh, Stefania Zambelli, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Alex Agius Saliba, Carmen Avram, Gheorghe Falcă, Aurore Lalucq, Evelyn Regner
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Andrey Novakov, Carina Ohlsson, Helmut Scholz, Ralf Seekatz

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

34	+
PPE	David Casa, Jarosław Duda, Gheorghe Falcă, Cindy Franssen, Andrey Novakov, Ralf Seekatz, Romana Tomc, Maria Walsh, Tomáš Zdechovský
Renew	Atidzhe Alieva-Veli, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, Irena Joveva, Max Orville, Dragoş Pîslaru
S&D	Alex Agius Saliba, Marc Angel, Carmen Avram, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Ilan De Basso, Elisabetta Gualmini, Agnes Jongerius, Aurore Lalucq, Carina Ohlsson, Evelyn Regner, Daniela Rondinelli
The Left	Helmut Scholz, Nikolaj Villumsen
Verts/ALE	Katrin Langensiepen, Sara Matthieu, Kira Marie Peter-Hansen, Mounir Satouri

1	-
ID	Dominique Bilde

5	0
ECR	Chiara Gemma, Elżbieta Rafalska, Pirkko Ruohonen-Lerner
ID	Elena Lizzi, Stefania Zambelli

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh